

Ag Climatise

Treochlár i dTreo Aeráidneodrachta



An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Treochlár i dtreo Aeráidneodrachta

Nollaig 2020

Clár na nÁbhar

| | |
|--|----|
| Réamhrá..... | 4 |
| Cur i Láthair..... | 6 |
| Ár nOibleagáidí..... | 7 |
| Ár bhFís..... | 8 |
| Comhthéacs..... | 9 |
| Ár gCur Chuige..... | 9 |
| Póru Ainmhithe..... | 12 |
| Bainistíocht Talamh Féaraigh Feabhsaithe..... | 13 |
| Sláinte Ainmhithe..... | 13 |
| Garbhphróitéin, Breiseáin Beathaithe agus Codanna Beostoic..... | 14 |
| Feirmeoireacht Orgánach..... | 15 |
| Na hEarnálacha Curaíochta agus Gairneoireachta..... | 16 |
| Bithgheilleagar..... | 18 |
| Gníomhartha atá riachtanach chun freastal ar an uailmhian seo..... | 19 |
| Foraoiseacht..... | 19 |
| Linnte Carbóin sa Tírdhreach Talmhaíochta..... | 20 |
| Cur le fuinneamh inbhuanaithe agus dícharbónú an chórais fuinnimh..... | 22 |
| Gníomhartha cumasaithe leathana don am atá romhainn..... | 24 |
| Na Córais um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS)..... | 24 |
| Origin Green agus na Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta..... | 27 |
| Sainghrúpaí Comhairliúcháin..... | 28 |
| Maoiniú..... | 28 |
| Aistriú Cóir..... | 29 |
| Achoimre..... | 30 |

Réamhrá

Gabhann luach ríthábhachtach sóisialta, geilleagrach agus comhshaoil le ról na talmhaíochta in Éirinn. Is iad na feirmeoirí coimeádaithe na timpeallachta fhisiciúil agus tá siad rannpháirteach i ngníomhaíocht talmhaíochta leis na glúnta anuas. Tá glacadh forleathan, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, leis an fhianaise atá ag dul i méid maidir leis an luas atá faoi athrú aeráide agus faoin díghrádú comhshaoil, rud a chiallaíonn go bhfuil géarghá le gníomh práinneach ar fud na n-earnálacha go léir. Léirítear an chomhthoil shochaíoch seo i dtiomantais, dlíthiúla agus polaitiúla araon, a bhfuil glactha leis ag tíortha atá dáiríre faoin gcomhshaol.



Ar nós earnálacha eile, beidh ról tábhachtach ag an talmhaíocht maidir leis an bpáirt atá aici ó thaobh freastal ar na hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta seo. Agus cúrsaí mar atá, tá sé tábhachtach go mbainfimid an chothromaíocht cheart amach idir na hilchuspóirí atá curtha ar an talmhaíocht agus ar úsáid talún. Cinnteoidimid go gcuirfidh an talmhaíocht a cion le maolú a dhéanamh ar athrú aeráide agus leis an gcomhshaol a chosaint, ach ag an am céanna go leanfaidh an talmhaíocht ar aghaidh ag tacú le geilleagar agus pobail tuaithe agus cósta atá bríomhar. Tá an feirmeoir i gcroílár an aistrithe seo. Ní mór dúinn oibriú i gcomhar le feirmeoirí leis na hathruithe atá riachtanach a dhéanamh chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach, agus ag an am céanna inmharthanacht eacnamaíoch na bpríomhtháirgeoirí agus iad siúd atá ag brath ar a n-aschur do bhia atá ar ardchaighdeán agus ar fhostaíocht a eascraíonn ón talmhaíocht a chosaint.

Tá an talmhaíocht ar fud na hEorpa ag dul trí thréimhse lena mbaineann athrú suntasach. Beidh ar chumas na bhfeirmeoirí glacadh leis na hathruithe agus iad ar an eolas gur féidir leis an méid atá á iarraidh orthu cur le feabhas foriomlán brabúsachta feirme agus go bhfuil sineirgí láidre idir fheidhmíocht comhshaoil agus dinimic mhargaidh. Tá an comhthoradh ann freisin. Tá sé soiléir, mura n-éiríonn linn aghaidh a thabhairt ar thionchar na talmhaíochta ar athrú aeráide agus ar an gcomhshaol, go ndéanfar dochar do cháil na hÉireann mar fhoínse bia atá á tháirgeadh ar na caighdeáin chomhshaoil is airde.

Ag tógáil san áireamh sprioc an AE agus na hÉireann a bheith ina ngeilleagar aeráidneodrach faoin mbliain 2050, ní mór forbairt a dhéanamh ar thiomantas na talmhaíochta le himeacht ama, a éilíonn borradh a chur faoin uailmhian le cur chuige rialtais agus earnála iomlán.

Sa mheántearma go fadtearma, beidh laghdú suntasach ar astaíochtaí meatáin bithghineach riachtanach le tionchar téamh domhanda meatán bithghineach a chur ar gcúl. D'fhéadfadh forbairtí sa teicneolaíocht (m.sh. pórú agus breiseáin beathaithe) a bheith mar bhonn taca leis an laghdú seo atá riachtanach. Beidh gá le hastaíochtaí talmhaíochta ocsaíd nítriúil eile (lena n-áirítear, astaíochtaí ó ainmhithe atá ag innilt, bainistíocht ar aoileach agus leathadh leasachán) a chúiteamh trí fháil réidh leo agus is féidir leis an talmhaíocht cion suntasach a chur le fuinneamh in-athnuaite freisin.

Leis an méid sin ar na bacáin, ní mór dúinn tús a chur le hathruithe a chur i bhfeidhm ar fheirmeacha láithreach.

Cathal Mac Conaill Óig

**Cathal Mac Conaill Óig T.D.
an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara**

Cur i Láthair

Mar gheall ar an todhchaí atá i ndán don phobal domhanda ní mór dúinn cothromaíocht a bhaint amach idir an riachtanas cur le táirgeadh bia agus snáithín agus ag an am céanna cabhrú leis na feirmeoirí, leis na foraoiseoirí, leis na hiascairí agus leis an tsochaí go ginearálta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a laghdú, cur le teacht aniar agus le hoiriúnú do thionchair a bheidh ag athrú aeráide.

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) a rinne forbairt ar an treochlár seo de bhun rannpháirtíochta forleathan le páirtithe leasmhara tionscal, taighde, beartais, feirmeora agus comhshaoil. Is treochlár atá ann atá leagtha amach chun cabhrú leis na páirtithe leasmhara go léir oibriú i gcomhar le chéile chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus le truailliú aeir, trí mhíniú a thabhairt ar an méid nach mór dúinn a dhéanamh agus cén uair nach mór é a dhéanamh. Trínár saineolas agus fuinneamh a chur i dtoll a chéile beidh ar ár gcumas cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr leis an méid sin a bhaint amach, a chinnteoidh go mbeidh ár n-earnáil i lár an aonaigh ó thaobh córais chun bia inbhuanaithe a sholáthar ar bhonn domhanda.

Ár nOibleagáidí

Aeráid

Leagtar amach i gClár an Rialtais agus sa [Bhille Leasaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide 2020 a foilsíodh le gairid](#), na cuspóirí le **'geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide'** a bhaint amach, a dhéanann cothromaíocht ar astaíochtaí agus ar aistrihe laistigh den Stát faoi dheireadh na bliana 2050 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Tá gealltanas tugtha ag Éirinn agus ag tíortha eile faoi Chomhaontú Pháras ardú teochta a theorannú go dtí níos lú ná 2 céim os cionn na leibhéal réamhthionsclaíocha, agus iarrachtaí a dhéanamh le hardú teochta a theorannú go dtí níos lú ná 1.5 céim.

Mar bhall den AE, tá sprioc na hÉireann astaíochtaí a laghdú ag teacht le spriocanna Comhaontú Pháras atá a threorú ag Creat Aeráide agus Fuinnimh an AE. D'fhógair Coimisiún an AE a chlár oibre do Bheart Glas nua na hEorpa, lena n-áirítear, an [straitéis Ón Fheirm go dtí an Forc](#) agus an [straitéis Bhithéagsúlachta](#) le gairid. Tá sé soiléir ag leibhéal geilleagair iomlán, nach mór borradh a chur faoin uailmhian comhshaoil chun freastal ar sprioc an AE ar cuireadh ardú air le gairid le laghdú 55% in astaíochtaí a bhaint amach faoin mbliain 2030. Beidh ar an talmhaíocht a páirt a imirt. Rinneadh forbairt ar an treochlár seo le huailmhian aeráide na bliana 2030 a sheachadadh mar atá leagtha amach sa Plean Ghníomhaithe ar son na hAeráide 2019 agus tabharfar an Plean Ghníomhaithe ar son na hAeráide cothrom le dáta le linn a dhul siar ar an bplean le huailmhian aeráide níos láidre a léiriú i gClár an Rialtais.

- In Éirinn, tá an talmhaíocht ar an rannpháirtí aonair is mó i gcónaí ó thaobh astaíochtaí foriomlán a sheasann ag 35% (tuarascáil shealadach 2019 an EPA) den iomlán. Ag an am céanna, tá ról lárnach le himirt ag an earnáil talmhaíochta agus úsáide talún (lena n-áirítear foraoiseacht) le córais fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus ó thaobh ceapadh carbón ón atmaisféar.

Aer

Tá luach teorann bunaithe ag an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta i gcás chúig thruailleán aeir chun cabhrú le maolú a dhéanamh ar a dtionchar ar dhaonraí na mBallstát. Ar shárú na luachanna teorainn seo ní mór do Bhallstáit pleananna maidir le cáilíocht an aeir a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh air agus chun dul i ngleic leis an fhadhb.

Ar cheann de na truailleáin seo tá amóinia, agus tagann formhór an amóinia ón earnáil talmhaíochta. Faoin Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta, tá sprioc amóinia de 107,500 tonna ag Éirinn don bhliain 2030. Léirítear sa tuarascáil maidir le Cáilíocht an Aeir an

EPA, an tuarascáil is deireanaí (Meitheamh 2020) gur cruthaíodh 119,339 tonna d'amóinia sa bhliain 2018.

- In Éirinn, tá an talmhaíocht freagrach as 99% d'astaíochtaí amóinia, agus taispeánann réamh-mheastacháin suas go dtí an bhliain 2035 go mbeidh líon na mbó dhéiríochta mar thiomántóir a chuirfidh le hastaíochtaí mar gheall ar a luach ard nítrigine i gcomparáid le beostoc eile.

Comhbhuntaístí

Cé go bhfuil príomhfhócais an treorchláir seo ar astaíochtaí GHG agus amóinia, tá sé soiléir go mbeidh comhbhuntaístí ann don cháilíocht uisce agus don bithéagsúlacht freisin má bhainimid amach ár spriocanna ó thaobh na haeráide agus an aeir. Léirítear sa treochlár seo freisin na huailmhianta maidir leis an gComhshláinte agus Comhleas.

Ár bhFís

Faoin mbliain 2050, teastaíonn uainn córas bia atá aeráidneodrach a fhorbairt atá comhoiriúnach le spriocanna teochta Pháras, trína ndéanfar laghdú go nialas ar an tionchar a bhíonn ag meatán bithghineach ar an aeráid agus go ndéantar cothromú ar na hastaíochtaí talmhaíochta atá fanta trí fháil réidh leo trí chion suntasach a chur le fuinneamh in-athnuaite.

Tá sé phríomhthasc nach mór dúinn a bhaint amach chun ár gcuspóirí comhshaoil a chomhlíonadh, agus cothabháil a dhéanamh ag an am céanna ar ioncam feirme inmharthana na hearnála.

1. Astaíochtaí GHG na hearnála a laghdú. Tá meatán a thagann ó dhíleá eintreach agus ocsaíd nítriúil ar na GHGanna is mó ón talmhaíocht.
2. Cur le ceapadh carbóin agus le hacmhainneacht stórála carbóin earnáil úsáide talún na hÉireann.
3. Cailliúint chothaitheach ón gcomhshaoil a laghdú agus cur le cáilíocht uisce agus bithéagsúlacht fheabhsaithe.
4. Na spriocanna laghduithe maidir lenár n-astaíochtaí amóinia a chomhlíonadh.
5. Córais bhainistíochta maidir le táirgeadh bia agus úsáide talún inbhuanaithe a bhfuil teacht aniar iontu a chur le chéile chun na hoibleagáidí aeráide agus comhshaoil sin a chomhlíonadh agus freastal ag an am céanna ar ionchais mhargaidh.
6. An dul chun cinn a chur in iúl go trédhearcach; d'fhéadfadh an clár Origin Green ról lárnach a imirt sa chás seo.

Comhthéacs

Mar gheall ar an aeráid mhuirí atá againn agus ar an gcumas ar leith atá againn féar a fhás ar chostas atá sách íseal, tá teacht aniar thar na bearta in earnáil beostoic na hÉireann. Tá tuiscint rímhaith ann go bhfuil dhá mhór-thiománaí taobh thiar d'astaíochtaí talmhaíochta – an líon beostoc agus úsáid leasacháin.

- Tá meatán bithghineach (CH_4) ón mbeostoc ar an sciar is mó sa chás seo, thart ar 65% de na hastaíochtaí talmhaíochta go léir, agus;
- Tá ocsaíd nítriúil (N_2O) ar an GHG cumhachtach eile (30% den iomlán) le thart ar 40% de na hastaíochtaí bainteach le leasacháin nítrigine ceimiceacha.

Ar an iomlán, baineann thart ar 80% den fhardal talmhaíochta GHG go díreach le líon na n-ainmhithe agus le bainistíocht an aoiligh a tháirgeann na hainmhithe sin.

Tá an treochlár seo bunaithe ar astaíochtaí meatáin a chobhsú agus ar laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí ocsaíde nítriúla leasacháin ghaolmhara, a mbeidh laghdú i ndáiríre san fhardal gás ceaptha teasa talmhaíochta mar thoradh orthu faoin mbliain 2030. Cuirfidh aon ardú in astaíochtaí meatáin bithghineach ó mhéadú a dhéanamh ar an líon beostoc baint amach na sprice seo i mbaol.

Ár gCur Chuige

Ar mhaithe le freagairt don dúshlán ar bhealach atá comhleanúnach agus comhordaithe ar bhonn rialtais iomlán agus ar bhonn earnála iomlán, is féidir leis an treochlár forbairt na hearnála agraibhia a threorú, bunaithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil agus ar theacht aniar aeráide agus a chuireann go cothrom le spriocanna aeráide, aeir agus fuinnimh na hÉireann.

Tá go leor de na gníomhartha a dtagraítear dóibh sa treochlár seo bunaithe ar Chuir Chostais Laghdaithe Imeallacha (MACCanna) Teagasc do GHG agus amóinia agus is féidir feidhmiú orthu láithreach. Beidh gá le níos mó breithnithe a dhéanamh ar ghníomhartha eile, agus i gcomhar le páirtithe leasmhara bunóimid sainghrúpaí le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha, sa chás nach mbíonn bealaí seachadta soiléir. Tá dhá shnáithe gníomhaíochta á moladh ag an treochlár seo:

Gníomhartha is féidir a chur i bhfeidhm anois: lena chinntiú go bhfeidhmíonn feirmeoirí láithreach ar na hathruithe atá riachtanach le haghaidh a thabhairt ar athrú aeráide. Tá sé seo déanta suas de thrí chuid, na bearta maolaithe sa chéad chuid eile, na haistrithe ó bhearta tírdhreacha agus na bearta fuinnimh inbhuanaithe a thagann ina ndiaidh.

Forbairt gníomhartha leathana cumasaithe don am atá amach romhainn: Beifear ag díriú ar líon gníomhartha anseo, lena n-áirítear, tuilleadh taighde agus nuálaíochta. Sa chás gur cuí, beidh gá le grúpaí comhairleacha a bhunú chun cuidiú leis na gníomhartha a fhorbairt agus a sheachadadh.

Athruithe is féidir a chur i bhfeidhm anois:

Leasacháin

Tá úsáid nítrigin cheimiceach mar chúis le thart ar 40% d'astaíochtaí ocsaíde nítriúla ar fheirmeacha na hÉireann. Cuireann an nítrigin le hastaíochtaí amóinia freisin, go príomha trí leasacháin bunaithe ar úiré a leathadh. Bhain úsáid nítrigin cheimiceach ar fheirmeacha na hÉireann buaicphointe de 408,000 tonna amach sa bhliain 2018. Ní mór laghdú a dhéanamh ar seo chuig sprioc-leibhéal de 350,000 tonna faoin mbliain 2025, le tuilleadh laghdaithe chuig uasmhéid de 325,000 tonna faoin mbliain 2030, coibhéiseach le húsáid na bliana 2013. Ag teacht le Straitéis an AE Ón Fheirm go dtí an Forc, déanfar scrúdú níos géire fós ar úsáid nítrigin cheimiceach sna blianta atá romhainn, go háirithe maidir le cáilíocht uisce. Déanfaidh an beart seo comhlánú ar na cuspóirí beartais i réimsí eile ar nós cáilíocht aeir agus uisce agus ar ról rialacháin na nDea-Chleachtas Talmhaíochta (GAP) chun úsáid nítrigin cheimiceach ag leibhéal feirme a rialú, áit a bhfuil thart ar 55,000 feirmeoir ag úsáid phlean bainistíochta cothaitheach ar líne. Ní mór don earnáil a theacht ar bhealach le húsáid nítrigin cheimiceach a laghdú, gan cumas na hearnála bia agus snáithín a fhás a chur i gcontúirt agus cothabháil a dhéanamh ar bhia-aiste féar-bhunaithe an tréada náisiúnta ag an am céanna. Baintear úsáid in earnáil na déiríochta ar os cionn 50% de nítrigin cheimiceach agus mar sin ní mór an earnáil seo a bheith ina pointe fócais.

Sna deich mbliana atá amach romhainn, ní mór don earnáil díriú ar laghdú 50% a dhéanamh ar astaíochtaí ó ocsaídí nítrigine a bhaineann le húsáid leasacháin cheimiceacha. Trí sheachadadh a dhéanamh ar Ghníomh 1 agus ar Ghníomh 2, beidh ar chumas na hearnála freastal ar an uaimhian ardleibhéil seo.

Gníomh 1: Úsáid nítrigin cheimiceach a laghdú go huasmhéid iomlán de 325,000 tonna (go bliantúil) faoin mbliain 2030, le sprioc eatramhach de 350,000 tonna faoin mbliain 2025

Is féidir é seo a bhaint amach trí dhíriú ar na fo-ghníomhartha seo a leanas:

- Cur an méid is fearr is féidir le seachadadh pleanáil bainistíochta cothaitheach ar líne le taithí phraiticiúil atá éasca le húsáid a chur ar fáil do na feirmeoirí go léir.
- Ag obair go dlúth leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear, seirbhísí comhairleacha, lucht acadúil, eolaithe ithreacha, comhlachtaí teicneolaíochtaí talmhaíochta, agus ionadaithe ón tionscal leasacháin, ní mór d'fheirmeoirí úsáid a bhaint as pleanáil bainistíochta cothaitheach agus as bainistíocht na hithreach.
- Tá clár náisiúnta aolta le leathadh amach ag an tionscal d'ithir mhianrach sa bhliain 2021 a chuirfidh le húsáid éifeachtúil feabhsaithe do leasacháin orgánacha agus ceimiceacha araon. Tá ardú ag teacht ar leibhéal (ag 1m tonna in aghaidh na bliana faoi láthair), ach tá siad fós

faoina leibhéal stairiúla thíos. (1.7m tonna in aghaidh na bliana sna 1980aidí.) Sna deich mbliana atá amach romhainn, díriú ar úsáid 2m tonna in aghaidh na bliana.¹

- Tacú le cothaitheigh neamhcheimiceacha ar nós leasacháin bithbhunaithe agus ar fheabhsaitheoirí ithreach trí infheictheacht níos mó ó thaobh rialacháin maidir le margáocht leasacháin.
- Sprioc de 60% den leathadh sciodair go léir trí sciodar atá íseal ó thaobh astaíochtaí a leathadh faoin mbliain 2022; 80% faoin mbliain 2025; agus 90% faoin mbliain 2027. Trí thoradh nítrigine níos fearr a fháil ó aoileach, beidh éileamh nítrigin ceimiceach ar fheirmeacha níos ísle. Cuirfidh an gníomh seo go suntasach le freastal ar spriocanna laghdaithe amóinia.
- Sa chás gur féidir, agus chomh maith le húsáid níos LÚ, aoileach le leathadh san earrach.
- Ón 1 Eanáir 2022, a éileamh go mbeidh gach stóráil sheachtrach sciodair nua-thógtha clúdaithe. Chomh maith leis sin, ba chóir go mbeadh an stóráil sheachtrach sciodair go léir atá ann cheana féin clúdaithe agus, sa chás gur indéanta go praiticiúil, ag tráth nach deireanaí ná 31 Nollaig 2027. Déanfaidh sé seo cailliúintí amóinia ón stóráil a laghdú, agus coinneoidh formhór na nítrigine atá luachmhar sa sciodar, ar an mbealach sin ag cur le laghdú ar úsáid nítrigin cheimiceach.
- Éileoidh sé seo cuimsiú agus cothabháil seamair (agus speicis mheasctha) d'athshíolaithe féir go léir faoin mbliain 2022, ag éascú laghdú in úsáid nítrigin cheimiceach.
- Sa chás gur cuí, úsáid barra léagúmach a bhreithniú

Gníomh 2: Sa chás go ndéantar leasachán ceimiceach a leathadh, úsáid táirgí nítrigine cosanta a chur chun cinn

- Cosc a chur ar úsáid úiré agus táirge cóireáilte úiré ina bhfuil coscaire úiréáise a chur ina áit (úiré cosanta*) faoi dheireadh na bliana 2023.
- É a bheith mar aidhm 65% den díolachán díreach de Chailciam Níotráite Amóiniam (CAN) mar úiré cosanta/nítrigin cosanta** faoin mbliain 2030. Ba chóir go mbeadh glacadh líneach leis an ngníomh seo sna deich mbliana atá romhainn.
- Ar mhaithe leis na spriocanna seo a bhaint amach, ní mór don tionscal leasacháin oibriú go réamhghníomhach leis an earnáil agraibhia. Ba chóir tairseach faisnéise maidir le táirgí nítrigine cosanta a bhunú agus cothabháil a dhéanamh uirthi.

*Tá úiré cosanta le fáil ar an margadh i láthair na huairé agus ag comhlíonadh na gcaighdeán ábhartha GO LÉIR faoina Rialacháin Leasacháin. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go bhfuil úsáid sábháilte agus éifeachtach a bhaint aisti.

¹ Cé go mbeidh ardú ar astaíochtaí CO₂ mar thoradh ar ardú ar aoladh san fhardal talmhaíochta, beidh úsáid éifeachtúil cothaitheigh feabhsaithe (NUE), mar ghlansochar, ísliú ar úsáid leasachán ina dhiaidh sin agus laghdú ar astaíochtaí ocsaíde nítriúla a dhéanfaidh sárú ar aon ardú CO₂.

** Cé go bhfuil úiré cosanta le fáil ar bhonn tráchtála i láthair na huairé i bhfoirm nítrigin chosanta, aithníonn an Roinn go bhféadfadh táirgí nuálacha eile a theacht chun cinn sna blianta atá romhainn a d'fhéadfadh cur leis an ngníomh seo.

Póru Ainmhithe

Tugtar aitheantas do Phóru Ainmhithe mar ghníomh daingean a dhéanfaidh laghdú, ní amháin ar an lorg timpeallachta ar an fheirm, ach a chuirfidh le brabúsacht na feirme freisin. Beidh feirmeoirí déiríochta eolach ar an Innéacs Póraithe Eacnamaíoch Déiríochta (EBI). Tá sé cruthaithe trí thaighde go bhfeabhsaíonn ba atá níos airde ó thaobh EBI roinnt tréithe ó thaobh tábhacht eacnamaíoch. Go ríthábhachtach, is féidir leis na ba atá níos airde ó thaobh EBI feabhas a chur ar lorg carbóin na dtáirgí críochnaithe. Tá fíor-dheis anseo chun cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo trí bhorradh a chur le gníomh sa réimse seo. Agus na páirtithe leasmhara go léir sa slabhra soláthair ag obair le chéile, is féidir feabhsúcháin shuntasacha a bhaint amach sna deich mbliana atá amach romhainn, is é seo fócas Ghníomh 3.

Ar an gcaoi chéanna, ar thaobh na mairteola, d'fhéadfadh póru cur go mór le hainmhithe a bhíonn éifeachtúil ó thaobh carbóin de. Tá innéacs Eurostar ICBF na mairteola, a fhaigheann tacaíocht ó scéimeanna na Roinne, ar nós an Chláir Géanómaíoch Sonraí Mairteola (BDGP), agus an Clár Mairteola um Éifeachtúlacht Comhshaoil (BEEP), mar bhonn leis na feabhsúcháin seo. Tá an tomhaltóir, sa mhargadh idirnáisiúnta atá ag éirigh níos iomaíche in aghaidh an lae, ag éileamh táirgí bia atá ar chaighdeán níos airde, agus a dhéantar a tháirgeadh ar bhealach atá neamhdhíobhálach don timpeallacht. Ní mór d'Éirinn seilbh a ghlacadh ar an spás sin amach anseo. Ar an gcion is mó a d'fhéadfadh feirmeoirí mairteola a dhéanamh ar an talamh ná a gcuid ainmhithe a chríochnú níos túisce. Cé go gcuirfidh póru a chion féin leis seo, beidh cleachtais bhainistíocht lárnach maidir leis freisin.

Beidh géinitíopáil náisiúnta mar bhuntáiste breise freisin ó thaobh tuilleadh feabhais a chur ar ár gcáilíochtaí inrianaitheachta atá ina ngnéithe ríthábhachtach maidir le cothabháil a dhéanamh ar onnmhairithe agus chun freastal ar éileamh tomhaltóra atá ardú freisin agus atá ag lorg faisnéise, ón fheirm go dtí an forc.

Gníomh 3: Géinitíopáil a dhéanamh ar an tréad náisiúnta iomlán faoin mbliain 2030 chun a bheith mar bhonn taca le cláir phóraithe déiríochta agus mairteola a chabhraíonn le laghdú a bhaint amach inár n-aschur GHG ag leibhéal náisiúnta

- I dtéarmaí an chuspóra géinitíopála foriomlán a bhaint amach, tosú leis na laonna go léir sna catagóirí tosaíochta tréada sa bhliain 2021, m.sh. an tréad sa Chlár Géanómaíoch Sonraí Mairteola (BDGP). Cé go bhfuil an cuspóir foriomlán seo uailmhianach, tá sé ar an mbeart aonair is tábhachtaí is féidir leis an tionscal a ghlacadh chun póru ainmhithe ar fheirmeacha na hÉireann a fheabhsú agus breis a chur le hinrianaitheacht.

- Ní mór d'fheirmeoirí pleanáil a dhéanamh agus aistriú ón úsáid a bhaintear as tairbh tréada ar mhaithe le hathsholáthar sna tréada déiríochta faoin mbliain 2025. Cuirfidh sé sin borradh faoin dul chun cinn san EBI náisiúnta.
- Deiseanna a fhiosrú chun comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar na hearnálacha déiríochta agus mairteola, ag díriú go háirithe ar lao déiríochta chomh fada leis na córais mhairteola.
- Cur le líon na dtréad déiríochta sa taifeadadh bainne ón leibhéal reatha de 50% go 90% agus ar na tréada diúil mairteola i dtaifeadadh meáchan mairteola ón leibhéal reatha de 30% go 70%.
- Feabhsúcháin spriocdhíritha a bhaint amach sna príomh-mheadracha a bhaineann le haois ag an tráth a maraítear iad agus ag an aois ag na chéad bhreitheanna laonna dár dtréada náisiúnta déiríochta agus mairteola.

Bainistíocht Talamh Féaraigh Feabhsaithe

Cuireann cur leis an gcion d'fhéar innilte sa bhuiséad beathaithe agus laghdú a dhéanamh ar an gcion féar sadhlais san aiste bhia feabhas ar dhíleáiteacht agus ar chaighdeán beatha. Cuireann feabhas a chur ar dhíleáiteacht agus ar an gcaighdeán beatha a itear laghdú ar astaíochtaí meatáin mar gheall ar fheabhsúcháin i dtáirgiúlacht ainmhithe chomh maith le laghduithe a dhéanamh ar an gcion d'fhuinneamh diaiteach a chuirtear amú mar mheatán. Chomh maith leis sin, déanann innilt breisithe laghdú ar an tréimhse a mbíonn aoileach á stóráil, ag laghdú, ar an mbealach sin, astaíochtaí meatáin a chruthaítear le linn na tréimhse stórála seo. Ní mór coinníollacha innilte a bhreithniú i gcónaí. Cuirfidh bainistíocht fheabhsaithe a dhéanamh ar innilt a bhaintear amach trí thomhas agus trí leithdháileadh féir ardú ar tháirgeacht agus ar úsáid féir gan an riachtanas cur le húsáid leasachán N. Déanfaidh cur le féar mar chion d'aiste bhia an ainmhí laghdú ar an riachtanas do bhia allmhairithe a laghdú, agus ar an mbealach sin, ar allmhairithe nítrigine isteach ar fheirmeacha.

Gníomh 4: Cur an méid is fearr is féidir le táirgeadh féar innilte

- Cláir oiliúna agus mheantóireachta náisiúnta a fhorbairt do bhainistíocht talamh féaraigh ar fheirmeacha déiríochta agus mairteola.
- Leathadh amach a dhéanamh ar oiliúint Grass10 do chohóirt níos mó d'fheirmeoirí déiríochta agus mairteola.
- Taifeadadh a dhéanamh ar tháirgeadh féir ar gach feirm le os cionn 100 aonad beostoic nó tá 130 kg Orgánach N in aghaidh an heicteáir riachtanach.

Sláinte Ainmhithe

Beidh táirgiúlacht níos fearr agus astaíochtaí laghdaithe in aghaidh an aonaid den táirge mar thoradh ar fheabhsúcháin ar stádas sláinte tréada náisiúnta déiríochta agus mairteola na hÉireann. D'fhéadfadh pórú ainmhithe cur go suntasach le hainmhithe atá níos sláintiúla a

thógáil. Tá dualgas ar an earnáil iomlán comhoibriú chun feabhsúcháin spriocdhírthe a dhéanamh sna deich mbliana atá amach romhainn. Ní amháin go laghdóidh sé seo an lorg carbóin ar fheirmeacha na hÉireann ach cuirfidh sé le brabúsacht freisin. Mar a chéile le héifeachtúlacht ó thaobh cothaithe a úsáid, cuirfear tairbhe ar fáil don fheirmeoir agus don timpeallacht araon. Tá forbairt frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach mar údar imní don tréidliacht, chomh maith le cógais leighis daonna agus le héifeachtúlacht táirgí den sórt sin a chosaint amach anseo, éilíonn straitéis an AE Ón Fheirm go dtí an Forc laghdú a dhéanamh ar ábhar frithmhiocróbach sna deich mbliana atá romhainn.

Gníomh 5: Tuilleadh feabhais a chur ar straitéisí maidir le sláinte ainmhithe chun tacú le huailmhianta aeráide agus le hinbhuanaitheacht comhshaoil trí chleachtais maidir le sláinte agus leas inbhuanaithe ainmhithe a chur chun cinn agus feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar bharántúlacht bia.

- Díothú Buinneach Víreasach Bólachta (BVD) a thabhairt chun críche faoin mbliain 2023.
- Laghdú suntasach a dhéanamh ar fhorleithne na heitinne bólachta sa tréad náisiúnta.
- Cur leis an leibhéal rannpháirtíochta i gClár Rialaithe Johne (IJCP) na hÉireann trína leathnú níos faide ná na tréada déiríochta.
- Clár a fhorbairt le leibhéal forleithne Rineatraicéiteas Tógálach Buaibheach (IBR) a laghdú.
- Feabhsúcháin spriocdhírthe maidir le háireamh cealla sómacha náisiúnta sna deich mbliana atá romhainn.
- Leanúint le feabhas a chur ar leas an tréada náisiúnta, le béim faoi leith ar bhacaíl sna tréada náisiúnta.
- Cláir póraithe a fhorbairt le puchán ae, frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, galar Johne agus tréithe IBR a thabhairt san áireamh, le fócas daingean ar leas ainmhithe de réir mar is gá i gcónaí. Ní mór é sin a dhéanamh agus fócas daingean a choinneáil ar oiriúnú don aeráid atá ag athrú (Nasctha le Gníomh 3).

Garbhphróitéin, Breiseáin Beathaithe agus Codanna Beostoic

Tá leibhéal an gharbhphróitéin in aiste bhia ainmhí ríthábhachtach. Ní amháin go gcuireann an iomarca le costas na coda, ach bíonn brú ar an timpeallacht mar thoradh air freisin trí chailliúint amóinia ón aoileach a chuirtear ar fáil. Dírítear ar an tsaincheist seo i nGníomh 6.

Chomh maith leis sin, tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le breiseáin beathaithe a dhéanann cur ar fáil meatán sa chogansach a laghdú. Teastaíonn tuilleadh oibre le hacmhainneacht laghdaithe a chruthú sna táirgí seo atá ag teacht chun cinn sular féidir tús a chur le tráchtálaíocht. Is é seo atá mar chuspóir le Gníomh 7.

Sa bhreis air sin, ní mór don earnáil cur leis an gcion den bheatha i gcodanna beostoic a fhástar sa bhaile (Nasctha le Gníomh 8).

Gníomh 6: Méid an garbhphróitéin in ábhar beatha beostoic a laghdú chun cailliúint amóinia a íoslaghdú

- Meánleibhéil garbhphróitéin i mbeatha muca a laghdú go 16%.
- Seachas i roinnt cásanna teoranta sa chás go léiríonn eolaíocht chothúcháin go bhfuil riachtanais níos airde próitéine ag ainmhithe, na leibhéil garbhphróitéin a laghdú sa bheatha d'athchogantaigh innilte go huasmhéid de 15%.
- Sa chás é a bheith indéanta, ba chóir do dhéantóirí agus do chomharchumainn beatha ardú a chur ar an gcion de ghrán agus de phróitéiní dúchasacha i gcodanna meascáin. Sa chás é a bheith féideartha, ba chóir lipéadú a dhéanamh ar na codanna seo ar an mbonn sin.

Gníomh 7: Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i mbreiseáin nua bia chun meatán bithghineach a laghdú

- Tá an Roinn chun tacú le taighde ar chaighdeán aiste bhia agus ar bhreiseáin nua bia i gcórais tháirgthe féarach-bhunaithe chun astaíochtaí meatáin a laghdú. Ní mór don tionscal i gcomhair leis an bpobal taighde úsáid bhreiseáin bia a thráchtáil, ag tógáil san áireamh a bpróifil sábháilteachta iomlán i gcónaí.

Gníomh 8: Cur leis an gcion de phróitéin baile i gcodanna beostoic

- Tá an earnáil beostoic in Éirinn ag brath an iomarca ar bheatha allmhairithe. Ní mór don earnáil céimeanna a ghlacadh chun cur leis an gcion de ghrán agus de léagúim dhúchasacha i gcodanna beostoic. Neartóidh sé seo tuilleadh cáilíocht inbhuanaithe earnáil agraibhia na hÉireann, ag cruthú spreagadh ó thaobh éileamh agus ag cur le ciorclaíocht na hearnála agraibhia (Nasctha le Gníomh 10).

Feirmeoireacht Orgánach

In Eanáir na bliana 2019, seoladh Straitéis nua d'Fhorbairt na hEarnála Orgánaí don tréimhse 2019 go 2025. Admhaítear leis seo an tábhacht a bhaineann le táirgeadh bia orgánach a chur chun cinn, ní amháin trí aird a thabhairt ar éileamh margaidh ach trí bhreithniú cuí a dhéanamh ar mhaolú athrú aeráide agus ar chosaint na bithéagsúlachta. Tá thart ar 74,000 heicteár d'achar talmhaíochta inúsáidte na hÉireann faoi tháirgeadh orgánach anois, arbh ionann é agus ardú os cionn 50% ar an staid agus tús a chur leis an gClár Forbartha Tuaithe sa bhliain 2014. Tá éileamh tomhaltóra atá ag dul i méid ar tháirgí orgánacha, agus tugann íomhá ghlas na hÉireann sa mhargadh idirnáisiúnta deis iontach dúinn le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil, agus ag an am céanna tionchar dearfach a bheith ar an timpeallacht. I ndeireadh na dála, beidh fás faoi stiúir éileamh.

Gníomh 9: Cur leis an achar reatha atá faoi tháirgeadh orgánach go 350,000 heicteár faoin mbliain 2030

- Ag teacht le treo ginearálta Straitéis an AE Ón Fheirm go dtí an Forc, earnáil na feirmeoireachta orgánaí a fhorbairt trí thacaíocht margaíochta atá feabhsaithe chun éileamh a spreagadh agus cur le tacaíochtaí spriocdhírthe cuí chun éascú a dhéanamh ar aistriú agus ar chothabháil ná talún atá faoi tháirgeadh orgánach.

Na hEarnálacha Curaíochta agus Gairneoireachta

Tá na hearnálacha curaíochta agus gairneoireacht ar na hearnálacha is éifeachtúla ó thaobh carbóin sa talmhaíocht in Éirinn, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcoimeádfar an limistéar atá faoi shaothrú sna hearnálacha seo, ar a laghad nó go deimhin go gcuirfear leis. I láthair na huaire, cuirtear thart ar 300,000 heicteár de bharr curaíochta ar fáil ar bhonn bliantúil agus ní mór an limistéar seo a choimeád, in ainneoin na hiomaíochta ón earnáil déiríochta do thuilleadh talún. Tá na deiseanna ann don tionscal freisin le leas a bhaint as barra ardluacha, bunaithe ar roghanna tomhaltóra atá ag athrú, a chruthaíonn deiseanna don táirgeoir tosaigh. Tá deis atá thar a bheith soiléir ann chun cur leis an méid de ghrán na hÉireann atá á úsáid ag tionscal ardluacha na ndeochanna, agus mar fhoinsé próitéin don tionscal beostoic (Nasctha le Gníomh 8). Sna chéad deich mbliana atá amach romhainn, tá an acmhainneacht ann chun 40,000 heicteár de phónairí a chur a chuirfeadh foinse dúchasach próitéin ar fáil. Ag leibhéal táirgeora, tá roinnt bearta éifeachtúlachta ann ó thaobh úsáid nítrigine a bhféadfadh feirmeoirí curaíochta breithniú a dhéanamh orthu chun an lorg comhshaoil ar a ngabháltais a laghdú tuilleadh.

Gníomh 10: Ardú a chur ar an achar reatha de 300,000 heicteár atá faoi churaíocht faoin mbliain 2030, ag cur níos mó grán agus léagúim ar fáil don tionscal beostoic, a chuireann tuilleadh feabhais ar cháil comhshaoil na hearnála

- Úsáid na ngránaigh a fhástar sa gheimhreadh a spreagadh. Ba chóir go mbreithneodh feirmeoirí a bhfuil gránaigh earraigh á fhás acu úsáid a bhaint as barr cumhdaigh chun cur le húsáid éifeachtúil nítrigine ag leibhéal feirme.
- Stráicí maolánacha a bhreithniú chun cailliúint ábhar orgánach ithreach trí chreimeadh a íoslághdú, chun cabhrú leis an ithir a choimeád agus leibhéal charbóin ithreach a fheabhsú, cailliúint dríodar a laghdú agus cur le bithéagsúlacht.
- Sa chás gur cuí, breithniú a dhéanamh ar bharr léagúmach a úsáid mar bhrisbharr chun na riachtanais do nítrigin cheimiceach i mbarra ina dhiaidh sin a laghdú. Chomh maith leis sin, cuirfidh na próitéiní seo a fhástar go dúchasach laghdú ar an riachtanas leis an méid beatha a allmhairítear ar bhonn náisiúnta (Nasctha le Gníomhartha 1 agus 8).

- Sa chás gur indéanta, glacadh le híos-churaíocht ar fheirmeacha chun linn charbóin ithreach a chosaint. Ní mór breithniú a dhéanamh freisin ar ghearradh tuí agus ar chuimsiú i ndiaidh an earraigh ar achar socraithe ar bhonn náisiúnta. Breithneoidh an Roinn.
- Deiseanna a fhiosrú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhargaí don earnáil ardluacha bia agus deoch, m.sh. eorna bhraiche agus seagal do dhriogadh, cruithneacht agus coirce do mhuilleáil, cnáib do tháirgeadh ola.
- Ba chóir breithniú a dhéanamh le Scéim Dearbhaithe Gránach na hÉireann (IGAS) a ailíniú le Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Bhord Bia ar mhaithe le húsáideoirí deiridh a spreagadh chun gránaigh inbhuanaithe atá deimhnithe a úsáid.
- Sa chás é a bheith indéanta, aoileach orgánach a fháil chun é a leathadh amach ar thalamh curaíochta. Agus é mar aidhm an t-aoileach orgánach go léir a leathadh amach ar thalamh curaíochta a chuimsiú laistigh de 4 uaire an chloig den leathadh, le cailliúint amóinia a laghdú agus chun cur an méid is fearr is féidir le luach athsholáthair nítrigine an aoiligh sin.

Gníomh 11: Tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar cháilíochtaí carbóin earnáil na gairneoireachta

- Deiseanna a fhiosrú chun leathnú a dhéanamh air agus tacú le táirgeadh glasraí baile. Mar shampla, sa bhliain 2017, rinneadh 72,000 tonna prátaí agus 30,000 tonna cairéad a allmhairiú chun na hÉireann.
- Tuilleadh feabhais agus tacaíochta a thabhairt do shamhail d'Eagraíocht Táirgeora, le níos mó gearála a thabhairt do shaothróirí agus iad ag déileáil leis an earnáil miondíola.
- Ba chóir plandáil tuilleadh crainn torthaí agus cnónna a bhreithniú (ar nós úlla, coill) laistigh de na fiontair thalmhaíochta go léir. Chuirfeadh leathnú a dhéanamh ar tháirgeadh torthaí baile feabhas ar shlándáil bhia náisiúnta agus chuirfeadh le ceapadh carbóin feirme.
- Imscrúdú a dhéanamh ar an mbealach inar féidir leis an mbithgheilleagar idirghníomhú agus gníomhaíochtaí a chomhordú ar bhealach ciorclach a dhéanann seachadadh ar chothaithigh orgánacha do tháirgeadh príomha, an dramhaíl a ghintear a athúsáid agus inbhuanaitheacht comhshaoil a sheachadadh le haird chúil ar impleachtaí maidir le sábháilteacht bia (Nasccha le Gníomh 12).
- Tá taighde ar theicneolaíocht/roghanna eile d'athsholáthar móna riachtanach chun laghdú a dhéanamh nó fáil réidh le húsáid mhóna in earnáil na Gairneoireachta.
- Rogha eile do bharrá próitéin lena úsáid ag an duine a fhiosrú. Bhainfeadh sé sin leas as an treocht atá ag dul i méid maidir le haiste bhia atá planda-bhunaithe.
- Cur le héifeachtúlacht fuinnimh agus le húsáid fuinneamh in-athnuaite, ar nós úsáid bithmhais, fuinneamh gaoithe agus fótvoltach gréine chun aonaid táirgthe gairneoireachta, innill, trealamh, srl., a chumhachtú (Nasccha le Gníomh 18).

Bithgheilleagar

Tá acmhainní bitheolaíochta finideacha agus éiceachórais an phláinéid ríthábhachtach le daoine a chothú, agus le hithir shláintiúil, uisce glan agus fuinneamh inbhuanaithe a sholáthar. Tá bithgheilleagar inbhuanaithe ríthábhachtach chun dul i ngleic le hathrú aeráide, díghrádú talún agus éiceachórais agus lenár spleáchas ar acmhainní neamh-inathnuaite a laghdú. Treiseoidh úsáid bithgheilleagar ciorclach agus inbhuanaithe iomaíochas na n-earnálacha bithgheilleagair (m.sh. agraibhia, foraoiseacht, mara) agus tacóidh le slabhraí breisluacha nua a chruthú ar fud ceantair thuaithe, réigiúnacha agus uirbeacha agus feabhas a chur ag an am céanna ar stádas foriomlán ár n-acmhainní nádúrtha. Beidh bithgheilleagar na hÉireann ag brath agus ag baint leasa as acmhainní in-athnuaite inbhuanaithe atá le fáil ag baile agus ar dhul chun cinn sna heolaíochtaí, teicneolaíochtaí agus ar nuálaíocht atá ag nascadh domhan fisiciúil, digiteach agus bitheolaíochta, in earnálacha agus i dtionscail agraibhia agus bithbhunaithe na hÉireann.

Gníomh 12: Forbairt bithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe a chur chun cinn laistigh den earnáil agraibhia

- Tacú le bithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe a fhorbairt a chinntíonn éifeachtúlacht acmhainní agus ciorclaíocht a fhorbairt trí aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna ar nós luachshocrú féaraigh, bia agus dramhaíl orgánach agus cailliúintí, luachshocrú fotháirgí, athchúrsáil cothaithigh, agus athchúrsáil plaisteach. Ní mór go dtacóidh gníomhartha straitéiseacha le gach cineál nuálaíochta agus cleachtais do chórais bia agus feirmeoireachta inbhuanaithe, foraoiseach agus táirgeadh bithbhunaithe trí chur chuige córasach agus leathana a nascann aisteoirí, críocha, earnálacha agus slabhraí breisluacha.

Gníomh 13: Na roghanna go léir maidir le héagsúlú úsáid talún a fhiosrú

- Rannpháirtíocht le Teagasc, leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) agus le páirtithe leasmhara eile chun athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar shraith iomlán roghanna maidir le héagsúlú talún, chun breithniú a dhéanamh ar dheiseanna geilleagracha eile a d'fhéadfadh cuidiú le haistriú cóir chuig roghanna eile úsáide talún chun astaíochtaí a íslíú, a réimsíonn ó tháirgeadh gairneoireachta, táirgeadh barr próitéine, táirgeadh barr fuinnimh go foraoisiú agus agraforaoiseacht.

- Tacú leis an slabhra soláthair a fhorbairt sa chás go dteastaíonn tacaíocht ó dheiseanna nua margaíochta, m.sh. samhlacha gnó nua, forbairt ar mhéid chriticiúil, agranamaíocht nó teicneolaíochtaí próiseála, srl.

Cur le forbairt cleachtais bainistíochta talún inbhuanaithe trí laghdú 26.8 Mt CO₂eq (coibhéis dé-ocsaíde carbóin) a sheachadadh trí ghníomhartha LULUCF le linn na tréimhse 2021 go 2030.

Gníomhartha atá riachtanach chun freastal ar an uaillmhian seo

Foraoiseacht

Ar phríomhriachtanas don earnáil tá laghdú breise CO₂ a sheachadadh faoin mbliain 2030. Tá foraoiseacht, gan amhras, mar chomhpháirt mhór den athrú seo ar úsáid talún agus cuireann raon ilbhuntáistí agus seirbhísí éiceachórais ar fáil. Ba chóir do na feirmeoirí go léir, sa chás gur indéanta, machnamh domhain a dhéanamh ó thaobh crainn a phlandáil ar chuid dá ngabháltas. Ní amháin go bhfaigheann coillearnacha réidh le dé-ocsaíd charbóin ón atmaisféar, déantar carbón a stóráil freisin san adhmaid a chuirtear ar fáil agus is féidir athsholáthar a dhéanamh ar ábhair ó fhoinsí neamh-inathnuaite. Is féidir le bithmhais fhoraoise ról tábhachtach a imirt ó thaobh bithfhuinneamh a chur in áit breoslaí iontaise agus astaíochtaí foriomlána san earnáil fuinnimh a laghdú. Beidh buntáiste á fháil ag feirmeoirí a phlandálann foraois ón ngníomh dearfach atá á dhéanamh acu trí mhaoiniú a fháil i fhoirm deontais agus phrémheanna agus ón iliomad buntáistí sóisialta agus comhshaoil a chuireann crainn ar fáil.

Gníomh 14: Leibhéal foraoisithe a mhéadú agus cur an méid is fearr is féidir leis an gcion atá á chur ar fáil ag foraoisí atá ann cheana féin chun maolú air agus oiriúnú a dhéanamh don athrú aeráide

- Cur leis na leibhéal foraoisithe go 8,000 heicteár ina aghaidh na bliana.
- Plandáil raon speicis difriúla a spreagadh chun a chinntiú go mbeidh foraoisí oiriúnaitheach agus go mbíonn teacht aniar iontu ó thaobh tionchar athrú aeráide.
- Achar 125 km de bhóithre foraoisí nua a thógáil chun éascú a dhéanamh ar ullmhú bithmhaise agus ar tháirgí adhmaid lománaithe, ag spreagadh aistriú chuig geilleagar ar bheagán carbóin
- Cur le hachar plandála buaircíneach agus leathanduilleach ar bhonn náisiúnta agus meascán de speicis a spreagadh chun raon ilbhuntáistí a chur ar fáil ar nós adhmaid, foscadh, tírdhreach agus bithéagsúlacht.

- Leathnú a chur ar an achar ina bhfuil crainn leathanduilleach agus coillte dúchasach plandáilte ar bhonn náisiúnta trí thionscnaimh ar nós;
 - Scéim na gCoillte Dúchasach
 - Ciste Comhshaoil na gCoillte Dúchasach
 - An Scéim Foraoisithe – bearta leathanduilleacha
 - Agrafhoraoiseacht
- Leanúint le coillearnacha ar mhéideanna difriúla a phlandáil ó 0.1 heicteár suas chun cur le nascacht idir fála scean, coillearnacha atá níos mó agus bealaí don fhiadhúlra a sholáthar trí mhaoiniú a dhéanamh orthu tríd an gclár foraoiseachta. Ba chóir go mbeadh sé d’acmhainneacht ag gach úinéir talún roinnt crainn a phlandáil ar a bhfeirm, ó chúinní beaga go criosanna foscaidh go foraoisí ar bhonn tráchtála atá i bhfad níos mó. Bainfear é sin amach trí chomhtháthú níos dlúithe idir na scéimeanna faoin gcéad bhabhta eile de CAP agus an chéad Chlár Foraoiseachta eile.
- Scrúdú a dhéanamh ar thailte atá faoi úinéireacht phoiblí chun cinneadh a dhéanamh maidir le soláthar talún don fhoraoisiú.
- Scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht do thart ar 1,500 heicteár d’fhoraoisiú coillte dúchasach ar chuid bheag de laghortaigh tionsclaíocha chun comhlánú a dhéanamh ar straitéis athshlánúcháin Bord na Móna, sé sin mósáic de ghnáthóga fionnuisce agus talún a sholáthar don bhithéagsúlacht.
- Éagsúlú cineálacha difriúla córais foraoiseachta a spreagadh ar nós agrafhoraoiseacht agus clúdach leanúnach foraoiseachta.
- Leanúint le maoiniú a dhéanamh ar ghrúpaí aistrithe faisnéise ag cur bainistíochta na foraoiseachta inbhuanaithe chun cinn.
- Forbairt eastát foraoise na hÉireann atá ann faoi láthair a chosaint, a chothabháil agus tacú leis agus dífhoraoisiú a laghdú.
- Deiseanna nua a scrúdú d’earnáil na foraoiseachta trí athsholáthar a dhéanamh ar amhábhair neamh-inbhuanaithe sa tógáil agus i bpacáistiú le hábhair bithbhunaithe, polaiméir, snáithíní agus comhábhar agus nuálaíochtaí níos inbhuanaithe a sholáthar in earnálacha ar nós teicstílí foraois-bhunaithe, troscáin agus ceimiceáin agus samhlacha nua gnó bunaithe ar luacháil seirbhísí éiceachórais foraoiseachta (Nasccha le Gníomh 12).

Linnte Carbóin sa Tírdhreach Talmhaíochta

Tá flúirse ithir mhianrach in Éirinn atá faoi thalamh féaraigh agus léirítear i dtaighde gur féidir barrfheabhsú a dhéanamh ar bhainistíocht beostoic, báinsí agus cothaithe chun cur an méid is fearr is féidir le ceapadh carbóin in ithir mhianrach. Mar go mbíonn athrú ag tarlú anuas trína blianta sula mbaintear staid chothromaíochta amach, tá sé deacair athruithe ar stoc carbóin na hithreach a thomhas go cruinn. Mar sin féin, tá teicneolaíochtaí ar fáil chun cuidiú leis na tomhais seo.

Faoi láthair, bunaithe ar thosca astaíochta shraith 1, is glanfhoinsé CO₂ iad tailte féaraigh na hÉireann mar gheall ar astaíochtaí ó fhéarthalamh buan ar ithir draenáilte atá saibhir ó thaobh carbóin. Tá 300,000 heicteár measta d'fhéarthalamh buan ar ithir draenáilte atá saibhir ó thaobh carbóin, áit a bhfuil an linn carbóin thar a bheith leochaileach, go háirithe nuair a dhraenáiltear é. Tugann ithir le hábhar orgánach atá ard, nuair a dhraenáiltear í, an deis le haer breise a scaoileadh isteach san ithir leis an ábhar orgánach a bhriseadh síos ag ligean CO₂ isteach san atmaisféar. Tá an acmhainneacht le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí trí ionramháil maoschlár agus déine bainistíochta atá laghdaithe, ní amháin astaíochtaí GCG a laghdú go suntasach óna hithreacha seo, ach tá siad in ann freisin an cháilíocht uisce a fheabhsú, cur le bithéagsúlacht agus chur le teacht aniar agus oiriúnú do phatrúin aimsire atá ag athrú.

Mar sin féin, tá an leibhéal déine feirmeoireachta is féidir a choinneáil tar éis ionramháil maoschlár sonracha don fheirm agus sonracha don suíomh. Éilíonn measúnú a dhéanamh ar roghanna dea-chleachtais do na torthaí comhshaoil agus táirgeachta is fearr, taighde a dhéanamh orthu. Beidh léiriú tionchair ó athruithe i mbainistiú agus i bhforbairt tosa a bhaineann le hastaíochtaí dúshlánach agus beidh gá le suíomhanna monatóireachta fadtéarmacha a shocrú suas.

Ar mhaithe leis an leas is fearr a bhaint as deiseanna do thailte féaraigh na hÉireann agus do cheapadh carbóin, ní mór aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le cailliúint carbóin ó ithreacha orgánacha. Tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo i nGníomh 15 thíos. Mar phróiseas comhthreomhar, ní mór maoiniú a thiomnú d'acmhainneacht ceapadh carbóin ithreacha mianracha féarthailte agus tá tagairt déanta dó seo i nGníomh 24.

Cuireann fáлта sceach linn carbóin tábhachtach eile ar fáil sa tírdhreach agus feidhmíonn siad mar ghnáthóg thábhachtach don bhithéagsúlacht freisin. Mar sin féin, níl aon chórais fardail náisiúnta ann, ní áirím córas ag leibhéal feirme chun éascú a dhéanamh ar chuntas ar shlogaíde fáлта sceach agus an easpa sonraí bonnlíne stairiúil á dtógáil san áireamh atá le húsáid mar thréimhse tagartha le hathruithe ar ghás ceaptha teasa a ríomh le himeacht aimsire. Ní mór fáлта sceach a thomhas i dtéarmaí bithmhaise faoi agus os cionn an dromchla trí shuirbhé atá dírithe ar chineálacha fáлта sceach ionadaíocha agus trí ghníomhartha tochailte/dó le meastacháin a sholáthar. Ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh anois chun cur an méid is fearr is féidir le buntáistí bithéagsúlachta agus aeráide acmhainní na bhfálta sceach náisiúnta.

Tagraíonn feirmeoireacht charbóin do bhainistiú linnte agus sreabhadh carbóin ag leibhéal feirme agus é mar chuspóir maolú a dhéanamh i gcoinne athrú aeráide. Éilíonn scéimeanna feirmeoireachta carbóin atá bunaithe ar thorthaí nasc díreach agus soiléir a bhunú idir na torthaí a dhéantar a sheachadadh (m.sh. astaíochtaí GHG a seachnaíodh nó CO₂ a bhfuarthas réidh leis) agus íocaíochtaí atá déanta leis an mbainisteoir feirme. Cuireann na scéimeanna

seo deiseanna ar fáil chun feirmeoirí a spreagadh chun tabhairt faoi na gníomhartha nach ndéanann díobháil don aeráid.

Gníomh 15: Déine bainistíochta a laghdú ar 40,000 heicteár ar a laghad d'ithreacha talmhaíochta móin-bhunaithe chun cailliúint CO2 a laghdú

- Féarthailte atá ar ithreacha atá saibhir ó thaobh carbóin a aithint (agus cinneadh a dhéanamh maidir lena stádas draenála) atá oiriúnach do bhainistiú maoschlár chun cailliúint carbóin a laghdú.
- Scéim phíolótach a chur i bhfeidhm do dhéine bainistíochta chun feidhmiú mar "chruthúnas ar an gcoincheap" agus chun leanúint ar aghaidh chuig scéim agra-chomhshaoil níos mó.

Gníomh 16: An líon fáлта sceach ar fheirmeacha a chosaint, a fheabhsú agus cur lena líon

- Na hacmhainní fáлта sceach atá ar fheirmeacha na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú trí chur le feasacht ar Dhea-Ríocht Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAEC).
- Tá an Roinn chun comhoibriú leis na húdaráis áitiúla chun cuairt a thabhairt an athuir ar shuirbhéanna fáлта sceach contae-bhunaithe.
- Scrúdú a dhéanamh ar an scóip chun crainn a phlandáil i gcomhar le fáлта sceach chun tírdhreach agus foscadh a fheabhsú, go háirithe ar na gabháltas fheirme siúd nach bhfuil aon chrainn orthu i lathair na huairé (Nasctha le Gníomh 14).

Gníomh 17: Scéim píolótach a fhorbairt maidir le trádáil charbóin ar an fheirm chun cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí as an méid atá á sholáthar acu do leas an phobail

- Beidh lorg beag ó thaobh carbóin ar go leor feirmeacha beostoic ar na feirmeacha siúd le hithreacha mianracha, le go leor fáлта sceach agus ar a bhfuil líon mór ainmhithe. Ba chóir cúiteamh a thabhairt do na feirmeoirí sin as an méid atá á sholáthar acu do leas an phobail mar go bhfuil siad ag seasamh le cáilíochtaí margaíochta Origin Green. Déanfaidh sé seo feirmeoirí a spreagadh chun na hacmhainní seo a choinneáil agus a chosaint.
- Oibriú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach chun forbairt córas rialála a bhreithniú d'fheirmeoireacht carbóin a chinntíonn cothrom na Féinne ar fud an AE.

Cur le fuinneamh inbhuanaithe agus dícharbónú an chórais fuinnimh

Aithnítear go bhfuil príomhról le himirt ag an earnáil talmhaíochta ó thaobh cabhrú le freastal ar spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite na hÉireann. Chomh maith leis sin, is féidir le glacadh le héifeachtúlacht fuinnimh agus le giniúint teicneolaíocht in-athnuaite feabhas a chur íomhá glas na hearnála agraibhia, ar bhonn náisiúnta agus domhanda araon.

Sa ghearrthéarma, bunaithe ar na teicneolaíochtaí atá le fáil go héasca i láthair na huairé, tá an deis ann don earnáil a cion a dhéanamh trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as fuinneamh

agus a bheith níos neamhspleáiche i dtéarmaí fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. I láthair na huaire, tá difríocht shuntasach sna rátaí glactha le bearta éifeachtúlachta fuinnimh ar fheirmeacha agus tá siad sách íseal i go leor cásanna. Ar an gcaoi chéanna, tá giniúint fuinneamh in-athnuaite d'fhéin-úsáid sách íseal freisin, ag níos lú ná 1%.

Sa mheántearma go fadtearma, beidh cur le soláthar bunábhair bithfhuinnimh, lena n-áirítear, tanúchán foraoise, fotháirgí ainmhí ar nós fuíoll ó phróiseáil feola agus sciodair, agus barr fuinnimh ar nós féar sadhlais, mar chuid thábhachtach den mheascán fuinneamh in-athnuaite d'Éirinn, agus ról acu sin go léir ó thaobh fáil réidh le breoslaí iontaise. Tugann tabhairt chun siúil tanúchán foraoise, ar féidir é a úsáid in áit breoslaí iontaise, deis do na crainn atá fágtha méadú de réir trastomhais agus nuair a bhaintear iad amach anseo soláthraíonn siad carbón atá stóráilte go fadtéarmach i dtáirgí adhmaid lománaithe. Is féidir le bithmhais foraoise eile ar nós brusacán agus ábhair atá ar thrastomhas íseal nach bhfuil oiriúnach do tháirgí adhmaid lománaithe, ábhar ar chur ar fáil do bithfhuinneamh. Beidh úsáid bunábhair bithfhuinnimh faoi thionchar ar fhorbairtí beartais ar nós na Scéime Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS), an Scéim Tacaíochta um Theas In-athnuaite (SSRH) agus an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí. Tá ról lárnach le himirt ag earnáil na talmhaíochta ó thaobh bunábhair bithfhuinnimh a sholáthar do tháirgeadh bithgháis/bithmheatáin mar phríomhfhoinsé fuinneamh in-athnuaite chun dícharbónú a dhéanamh ar na hearnálacha iompair agus teasa, go háirithe.

Gníomh 18: Laghdú de 20% ar a laghad a chruthú in úsáid fuinnimh talmhaíochta faoin mbliain 2030 ar fud na bhfeirmeacha go léir. Sa bhreis air sin, úsáid 20% ar a laghad a chruthú trí theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a dhíríonn ar chórais fheirmeoireachta atá dian ar fhuinneamh

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí agus ar na coinníollacha go léir ar fud gach clár de chuid na Roinne a thacaíonn le fuinneamh inbhuanaithe chur cur an méid is fearr is féidir le glacadh le húsáid éifeachtúlacht fuinnimh agus le fuinneamh in-athnuaite ag leibhéal feirme.
- Cur le feasacht ar na buntáistí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus le húsáid teicneolaíochtaí in-athnuaite ar fheirmeacha ag feidhmiú i gcomhpháirtíocht le Teagasc, an SEAI agus le páirtithe leasmhara eile.
- Comhoibriú leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) le cumasú an chreata do dheiseanna maidir le héascú micrea-ghiniúint a chinntiú don agra-earnáil agus do phobail tuaithe chun cur le dícharbónú an gheilleagair agus na sochaí.

Gníomh 19: Táirgeadh inbhuanaithe bithmhaise ó fhoraoisí a dhúbailt faoin mbliain 2030 agus slógadh bithmhaise do ghiniúint teasa a chinntiú

- Níos mó rochtana isteach chuig fhoraoisí a chumasú chun deis a chur ar fáil do shaothrú éifeachtúil agus tráthúil adhmaid lena sheachadadh chuig an margadh.

- Fáil réidh le thart ar 2 Mt CO₂ eq in astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreosláí iontaise trí úsáid a bhaint as bithmhais foraois-bhunaithe nach n-oireann do tháirgí adhmaid lománaithe.
- Deiseanna nua a scrúdú d'earnáil na foraoiseachta trí athsholáthar a dhéanamh ar amhábhair neamh-inbhuanaithe sa tógáil agus i bpacáistiú le hábhair bithbhunaithe, polaiméir, snáithíní agus comhábhar agus nuálaíochtaí níos inbhuanaithe a sholáthar in earnálacha ar nós teicstílí foraois-bhunaithe, troscáin agus ceimiceáin agus samhlacha nua gnó bunaithe ar luacháil seirbhísí éiceachórais fhoraoiseachta (Nasctha le Gníomh 14).

Gníomh 20: Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun cur an méid is fearr is féidir le deiseanna a d'fhéadfadh a theacht ó Dhíleá Anaeróbach don earnáil talmhaíochta

- Oibriú go dlúth leis an DCCAE agus le páirtithe leasmhara eile chun sprioc a shocrú don leibhéal fuinnimh a bheidh le cur ar fáil trí instealladh bithmheatáin dúchasach agus na tacaíochtaí riachtanacha a bhreithniú, lena n-áirítear, meicníochtaí maoinithe.
- Oibriú go dlúth leis an DCCAE agus le páirtithe leasmhara eile chun an taighde, na beartais agus na bearta riachtanacha a fhorbairt chun cinnteacht beartais a sholáthar thart ar fhorbairt thionscal an Díleá Anaeróbach in Éirinn.

Oibriú i gcomhpháirtíocht le comharchumainn, feirmeoirí agus le comhlachtaí ionadaíocha chun struchtúir rialachais agus samhlacha gnó a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil an buntáiste is fearr is féidir á bhaint as Díleá Anaeróbach agus go bhfuiltear ag cur go suntasach ag an am céanna le dícharbónú chóras talmhaíochta na hÉireann.

Gníomhartha cumasaithe leathana don am atá romhainn

Na Córais um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS)

Ar mhaithe le go leor de na gníomhartha atá sa treochlár seo a chur i bhfeidhm, beidh forbairt straitéiseach AKIS atá ag feidhmiú, inoiriúnaithe agus cuimsitheach, riachtanach don earnáil, atá á bplé faoi láthair faoi leasú an CAP. Tá an tír seo in áit mhaith chun an gníomh seo a sheachadadh, ag tógáil san áireamh go bhfuil Teagasc ar cheann den bheagán eagraíochtaí ar bhonn domhanda a bhfuil taighde, oideachas agus oibríochtaí leathana faoina chúram.

Beidh Teagasc lárnach don fhorbairt straitéiseach seo nuair a bheith an fócas ar:

1. Cur le sruthanna eolais agus na naisc idir thaighde agus cleachtas a neartú;
2. Na seirbhísí comhairleacha feirme go léir a neartú agus a n-idirnascadh laistigh den AKIS a chothú;
3. Nuálaíocht idirghníomhach tras-téamach agus trasteorann a fheabhsú; agus

4. Tacú le haistriú digiteach sa talmhaíocht.

Beidh gá ag comhairleoirí feirme, poiblí agus príobháideacha araon, le forbairt leanúnach ghairmiúil lena chinntiú go mbíonn teachtaireacht leanúnach, atá bunaithe ar an eolas eolaíochta is deireanaí á chomhroinnt le feirmeoirí. Tá tuilleadh infheistíochta ó thaobh taighde agus nuálaíochta riachtanach i go leor réimsí. Is é seo an bonn do na gníomhartha seo a leanas.

Gníomh 21: Tabhairt faoi fhorbairt straitéiseach AKIS

- Áireoidh an fhorbairt straitéiseach seo, bearta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin ar nós forbairt a dhéanamh air; cur chuige tras-téamach, lena n-áirítear, uirlisí tacaíochta agus méadracht feidhmíochta maidir le cinneadh a úsáid chun a bheith mar bhonn taca le feidhmiú GHG MACCanna amóinia; torthúlacht na hithreach a fheabhsú agus úsáid leasachán a laghdú trí bhainistíocht níos éifeachtaí na hithreach, talamh féaraigh agus cothaithe agus; aistriú ó CAN go úiré cosanta a chur chun cinn agus cur an méid is fearr is féidir le haoileach beostoic agus le fosúchán bitheolaíochta N.
- Infheistíocht sa tsraith nuálaíochta de líonra an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) chun an t-eolas nuálaíochta go léir a cruthaíodh sna tionscadail taighde agus nuálaíochta Náisiúnta agus Eorpaigh a chomhroinnt. Ba chóir eolas agus taithí a fhorbairt, a thástáil agus a chomhroinnt trí ghrúpaí fócais, líonrú, grúpaí aistrithe eolais, saotharlanna beo, pobail chleachtais, gortanna, sainmhoil agus gníomhaíochta comhoibrithe.

Gníomh 22: Straitéis forbartha leanúnach gairmiúil a fhorbairt do na comhairleoirí go léir

Ba chóir do na comhairleoirí go léir, laistigh de Teagasc, an líonra príobháideach agus iad siúd atá lonnaithe sa tionscal a dhul faoi oiliúint chuí ar bhonn leanúnach. Le tamall anuas, tá leathadh amach go rathúil déanta ag Teagasc ar chlár oiliúna ar líne ConnectED chun rochtain a sholáthar ó thaobh eolais agus an taighde is deireanaí atá ríthábhachtach le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach laistigh den earnáil agraibhia.

- Trí chomhtháthú agus idirghníomhú laistigh de chóras an AKIS, comhairleoirí a chumhachtaí le comhairle a thabhairt ar ghnéithe geilleagracha, comhshaoil agus sóisialta agus le heolas teicneolaíochta agus eolaíochta atá forbartha trí thaighde agus trí nuálaíocht a sheachadadh.
- Inniúlachtaí comhairleoirí a fhorbairt le ról níos idirghníomhaí a ghlacadh agus feidhmiú mar bhróicéirí nuálaíochta agus tacú le seirbhísí, lena n-áirítear, cabhrú le riachtanais feirmeoirí a fháil amach agus chun ullmhú do agus gníomhaíochtaí comhoibríochta nuálacha agus tionscadail comhoibrithe a éascú (m.sh. Grúpaí Oibríochta EIP, tionscadail LEADER).

Gníomh 23: Líonra Mear Eolais d'Feirmeacha a bhunú

- Teagasc agus an tionscal níos leithne le feirmeacha 'mear eolais' taispeántais a fhorbairt chun a bheith mar bhonn taca le muinín agus le hathrú iompair agus chun taithí fheirme a sholáthar

maidir leis na buntáistí a bhaineann le glacadh le gníomh ar son na haeráide agus le fuinneamh inbhuanaithe, lena n-áirítear, bearta oiriúnaithe inbhuanaithe. Beidh ról ríthábhachtach a imirt ag na feirmeacha seo i scaipeadh bearta agus gníomhartha idir phiaraí an MACC atá sa treochlár seo.

Gníomh 24: Ionad Barr Feabhais a bhunú chun ról na hÉireann mar cheannaire domhanda sa taighde agus sa nuálaíocht a bhaineann le talmhaíocht agus úsáid talún atá cliste ó thaobh na haeráide a chinntiú

- Saineolas de scoth a fhorbairt in astaíochtaí meatáin athchogantach laistigh de na córais innilte. Ba cheart don tír seo í féin a chur chun cinn mar cheannaire domhanda sa spás seo agus tábhacht beostoc athchogantach d'earnáil agraibhia na hÉireann á thógáil san áireamh. Ba cheart béim shuntasach a chur ar bhreiseáin bia nua a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar mheatán bitghineach, a bheidh riachtanach idir seo agus an bhliain 2050.
- Saineolas sa sreabhadh i gcarbón ithreach talamh féaraigh. Tá flúirse ithir mhianrach in Éirinn, a d'fhéadfadh, leis an mbainistíocht chuí fáil réidh le go leor carbóin as an atmaisféar. Cé go bhfuil rialacha cuntasachta socraithe suas chomh fada leis an mbliain 2030, cuireann talamh féaraigh acmhainneacht maidir le fritháireamh suntasach ar fáil sa tréimhse 2030 agus ina dhiaidh sin. Agus leis an méid sin i gceist, tá infheistíocht infreastruchtúir i sraith de thúir mhonatóireachta chun fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí/fáil réidh le CO₂ ó mhóin agus ó ithreacha mianracha, riachtanach.
- Leanúint le hinfeistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i nuálaíocht, le Teagasc agus leis na hInstitiúidí Breisoideachais eile araon. Tá tuilleadh taighde riachtanach do roinnt gnéithe MACC GHG Teagasc, m.sh. bainistiú bánseacha seimre, buntáistí bánseacha do speicis mheasctha, úsáid níos fearr a bhaint as nítrigin i gcórais tailte féaraigh, agus teicneolaíocht póraithe síol gnéis chomh maith le taighde le bearta laghdaithe nua a aithint agus a fhorbairt.
- Taighde a fhorbairt d'fheirmeacha a bhfuil teacht aniar iontu ó thaobh aeráidneodracht; tabhairt faoi chlár idirdhisciplíneach oibre ag díriú ar chur chuige comhtháite i leith bainistíocht agus pleanáil feirme; sláinte ithreach agus bainistíocht talamh féaraigh; aiste bhia agus pórú ainmhithe; ionchur; bithéagsúlacht; ciorclaíocht; ICT; anailís saolré agus táirgí bithbhunaithe in-athnuaite; agus samhlacha gnó a thógann dearcadh iomlánaíoch ar fheirm/fheirmeacha le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cur le sláinte agus teacht aniar na feirme.
- Comhpháirtíochtaí straitéiseacha idirnáisiúnta a fhorbairt, lena n-áirítear, Ballstáit AE eile, le tíortha lasmuigh den AE le fócas ar aghaidh a thabhairt ar ghníomh don talmhaíocht agus don aeráid agus le heagraíochtaí nuálaíochta freisin ar nós EIT Climate-KIC atá mar Phobal Eolais agus Nuálaíochta (KIC) atá á maoiniú ag Coimisiún an AE, agus atá ag feidhmiú chun borradh a chur faoi aistriú chuig geilleagar gan charbón.

Gníomh 25: Tairseach Faisnéise a bhaineann leis na gníomhartha atá sa treochlár seo a fhorbairt.

- Tá Bord Bia agus Teagasc ag forbairt comhéadan ar líne chun tacú le Pleananna Inbhuanaitheachta Feirme atá comhaontaithe idir comhairleoirí Teagasc agus a gcuid cliaint. Tabharfar tacaíocht dó seo trí thairseach faisnéise ar líne a bheidh ag feidhmiú mar “ionad ilfhreastail” don fhaisnéis chúlra go léir a bhaineann leis na gníomhartha atá sa treochlár seo.

Origin Green agus na Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta

Is é an cuspóir atá le Origin Green, a bhunaigh Bord Bia sa bhliain 2012, treallús a chur faoi agus monatóireacht a dhéanamh ar athrú dearfach ar fud tionscal bia agus deoch na hÉireann ar mhaithe le cur le agus ár gcáil domhanda maidir le hinbhuanaitheacht bia a chosaint. I bhfianaise brú comhshaoil, beartais agus margaidh, tá fianaise cáilíochtaí inbhuanaitheachta ag teastáil níos mó ná riamh sa mhargadh anois. Oibreoidh Bord Bia i gcomhar le comhpháirtithe tionscail chun a chlár agus tacaíochtaí a ghairáil ar nós an chreata maidir le Dearbhú Inbhuanaitheachta agus cairt Origin Green leis na cuspóirí náisiúnta ó thaobh athrú aeráide a bhaint amach.

Tá neartú a dhéanamh ar ár gcáil trí ghníomhartha tomhaiste inchreidte mar phríomhuirlis chun treallús a chur faoi bhuntáiste iomaíoch agus fás inbhuanaithe déantóirí agus feirmeoirí bia agus deoch na hÉireann.

Gníomh 26: Bord Bia le treochlár tionscnaimh a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an tionscal chun tacú le feirmeoirí éilimh margaidh a bhaint amach, lena n-áirítear:

- Déanfaidh an Roinn, Teagasc, Bord Bia agus an Tionscal leasú ar scéimeanna dearbhaithe cáilíochta Origin Green chun forbairt a dhéanamh ag teacht le comhairle dea-chleachtais a thacóidh le feirmeoirí inbhuanaitheacht faoi thionchar an mhargaidh atá infhíoraithe a sheachadadh.
- Is uirlis uathúil chomhairleach feirme atá sa ‘Treoraí Carbóin’ chun feirmeoirí a threorú ó thaobh prionsabail bhunúsacha inbhuanaitheachta a fheidhmiú ar a gcuid feirmeacha féin. Ba chóir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar uirlis an Treoraí Carbóin i gcomhair le Teagasc chun bearta breise a chuimsiú agus ba chóir do na páirtithe leasmhara go léir é a chur chun cinn chun athrú inscálaithe a fheidhmiú ar fheirmeacha.
- Ba chóir go dtaispeánfadh an t-ardán ar líne a dtagraítear dó i nGníomh 25 Tuarascálacha Aiseolais Feirmeora Origin Green agus Pleananna Inbhuanaitheachta Feirme ag cur an méid is fearr is féidir le naisc idir thorthaí na Scéime Dearbhaithe Cáilíochta agus seirbhísí comhairleacha feirme.

- Ba chóir breithniú a dhéanamh air, lena n-áirítear, comhaltas i Scéimeanna Dearbhaithe Inbhuanaitheachta Bord Bia, mar riachtanas incháilitheachta do na scéimeanna cuí atá maoinithe ag an Roinn.

Sainghrúpaí Comhairliúcháin

Tá go leor de na gníomhartha atá aitheanta sa treochlár seo soiléir agus is féidir tús a chur lena gcur i bhfeidhm láithreach. Maidir le gníomhartha eile, agus ar mhaithe le dul chun cinn a bhaint amach faoin mbliain 2030, bunófar sainghrúpaí comhairliúcháin ar mhaithe le bealach soiléir a aimsiú lena chur i bhfeidhm. Sa chás gur cuí, tá an spriocdháta chun na grúpaí go léir a bhunú socraithe do shamhradh na bliana 2021.

Maoiniú

Beidh fócas níos mó ar ghníomhú ar son na haeráide agus na timpeallachta sa chéad CAP eile. Cuirfidh sé seo deiseanna ar fáil le scéimeanna sainoiriúnaithe nua a fhorbairt chun a chur ar chumas feirmeoirí an t-aistriú cóir atá riachtanach a dhéanamh. Mar sin féin, tá moill curtha ar an CAP nua agus níltear ag súil go dtosóidh sé go dtí an bhliain 2023. San idirthréimhse, leanfaidh an Clár Forbartha Tuaithe ag tacú le seachadadh na spriocanna. Tá sé beartaithe freisin bearta píolótacha a stiúradh agus súil leo seo a scálú sa bhliain 2023 chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do sheachadadh spriocanna aeráide.

Mar sin féin, tá sé soiléir agus scála an dúshláin a thógáil san áireamh, nach mór don tionscal agrairbhia níos leithne a bheith níos réamhghníomhaí ó thaobh tacú le feirmeoirí, trí dhreasachtaí agus trí chomhoibriú, leis na hathruithe cuí a dhéanamh sna blianta atá romhainn.

Gníomh 27: Athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Forbartha Tuaithe (2014-2020) agus ionstraimí náisiúnta beartais fioscach a bhreithniú chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do spriocanna aeráide

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na Scéimeanna RDP reatha go léir sa bhliain 2021 ar mhaithe le uailmhian comhshaoil agus aeráide chun tacú le gníomhartha a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa treochlár seo.
- Ionstraimí náisiúnta beartais fioscach breise a bhreithniú chun tacú le gníomhartha an treochláir seo.

Gníomh 28: Ciste Nuálaíochta (talmhaíocht atá cliste ó thaobh na haeráide/feirmeoireacht chliste) Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF)/Fiontraíocht Éireann (EI)

- Ciste nuálaíochta ISIF/EI (talmhaíocht atá cliste ó thaobh na haeráide/feirmeoireacht chliste) chun tacú go réamhghníomhach le glacadh teicneolaíochtaí/cleachtais cuí a dhéanann lorg comhshaoil na talmhaíochta a laghdú tuilleadh, a thugann tacaíocht bhreise don ghné dhíolacháin deiridh (USP), le deiseanna éagsúlaithe an bhairr, srl.

Aistriú Cóir

D'fhéadfadh impleachtaí sóisialta a bheith ag beartais a chuirtear i bhfeidhm chun laghdú astaíochtaí a bhaint amach agus le haistrithe carbón a fheabhsú nach mór a bhreithniú d'aistriú cóir.

Gníomh 29: 'Díospóireacht maidir le Todhchaí na Feirmeoireachta in Éirinn' a bhunú, ina mbeidh feirmeoirí, eolaithe, gníomhaithe timpeallachta agus ghrúpaí sóisialta rannpháirteach chun a theacht ar réitigh phraiticiúla do thalmhaíocht tháirgiúil, inbhuanaithe

- D'fhéadfadh an díospóireacht seo freisin measúnú a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar bhithéagsúlacht agus feachtas faisnéise a éascú ionas go mbeidh meas níos fearr ar an talmhaíocht agus ar úsáid talún ag an bpobal nach ndéanann aon feirmeoireacht.

Achoimre

Tá dúshláin shuntasacha i ndán d'Éirinn ó thaobh a spriocanna athraithe aeráide agus cáilíocht aeir a chomhlíonadh (chomh maith le spriocanna bithéagsúlachta agus cáilíocht uisce). Tá macasamhail an dúshláin seo le fáil ar fud gach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear, iompar agus fuinneamh.

Más mian le hÉirinn fanacht mar cheannaire domhanda i dtáirgeadh, bainistíocht agus margáíocht bia inbhuanaithe agus inrianaithe, atá íseal ó thaobh carbóin agus ar ardchaighdeán, ansin beidh iarrachtaí suntasacha riachtanach ar bhonn rialtas iomlán agus earnála iomlán chun cur an méid is fearr is féidir le héifeachtúlacht táirgeachta agus ag an am céanna tionchar ar aeráid a íoslaghdú agus lorg comhshaoil na talmhaíochta a laghdú. Níl aon amhras ann go bhfuil scéal iontach le hinsint ag Éirinn ar an margadh idirnáisiúnta. Mar sin féin, tá leathnú sciobtha na hearnála déiríochta ag cur brú ar theorainneacha comhshaoil i roinnt dobharcheantair, lena n-áirítear, cur le hastaíochtaí GHG agus le hastaíochtaí amóinia. Ní mór aghaidh a thabhairt air sin trí thionscnaimh ar nós Inbhuanaitheacht Déiríochta na hÉireann agus an Clár Tacáíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (ASSAP).

Sa chás nach gcuirtear athruithe i bhfeidhm inniu, beidh gníomh ceartaitheach níos radacaí riachtanach níos deireanaí le seachadadh ár ngealltanais a chinntiú. Beidh taighde agus nuálaíocht eolaíochta, borradh a chur faoi ghlacadh le dea-chleachtais ag leibhéal feirme agus oibriú i gcomhpháirtíocht ar fud na hearnála agraibhia go léir mar thoisc ratha rithábhachtach inár ndícheall a dhéanamh i dtreo na físe d'Aeráidneodracht.

Trí oibriú le chéile, beidh ar chumas na hearnála a hinbhuanaitheacht fadtéarmach a chinntiú, ó thaobh dearcadh geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil, ag cosaint, ar an mbealach sin, feirm theaghlaigh na hÉireann do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

